OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



# Dioplóma i bhForbairt Gréasáin

## Ar mhaith leat do shuíomh idirlín féin a fhorbairt?

Is é aidhm an chúrsa seo léargas – teoiriciúil agus praiticiúil – a thabhairt don rannpháirtí ar bhunteicneolaíochtaí ríomhaireachta agus Idirlín. Beidh béim ar leith sa chlár seo ar an Idirlíon agus ar dhearadh gréasáin, agus ar na teicneolaíochtaí éagsúla a chuidíonn leis an bhforbróir gréasáin. Áirítear anseo bunchloch an ríomhchlárúcháin, réamhchúrsa i mbunachair shonraí, agus ionramháil ilmheán – chomh maith le dearadh agus forbairt suíomhanna idirlín. Beidh ar chumas an mhic léinn, ar chríoch an chúrsa dó/di, suíomh idirlín a dhearadh, a fhorbairt agus a thabhairt chun críche.

Cuirfear béim ar leith sa chúrsa ar ról nua na Gaeilge in earnáil na ríomhaireachta, agus beidh an Ghaeilge fite fuaite i siollabas an chúrsa. Díreoidh an clár seo freisin ar na forbairtí tábhachtacha nuálacha atá tagtha chun cinn in earnáil na meán sóisialta le blianta beaga anuas.

Ar chríochnú an dioplóma dóibh, beidh na rannpháirtithe oilte le dul i ngleic leis an ré nua teicneolaíochta atá ag fás in Éirinn, agus ullmhóidh an cúrsa iad chun bunphoist a bhaint amach i dtionscal na ríomhaireachta. Gheobhaidh rannpháirtithe oiliúint theoiriciúil agus phraiticiúil a chuirfidh ar a gcumas leanúint leis an oideachas agus tabhairt faoi chlár fochéime ríomhaireachta ag leibhéal NFQ 8.

## Tréimhse an chúrsa

Is cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain ollscoile é seo (Meán Fómhair go hAibreán an dá bhliain). Le deis a thabhairt do dhaoine ar fud na tíre tabhairt faoin gcúrsa agus an tairbhe is fearr a bhaint as, bainfear úsáid as an gcianfhoghlaim agus as ionaid Ghaeltachta na hOllscoile chun an cúrsa a sheachadadh. Beidh formhór an chúrsa á theagasc ar líne ach tiocfaidh rannpháirtithe le chéile trí huaire sa bhliain ar Champas na hOllscoile agus/nó sna hionaid Ghaeltachta i gcomhair ceardlanna / léachtaí traidisiúnta.

Beidh seisiún fáiltithe agus cláraithe do mhic léinn an chúrsa ar siúl i nGaillimh i mí Mheán Fómhair. Cuirfear sceideal an chúrsa ar fáil ag tús an chúrsa.



## Bliain 1

### Córais Idirlín

Bunchloch theoiriciúil agus phraiticiúil ar na teicneolaíochtaí, na coincheapa agus an téarmaíocht. Cruthóidh na mic léinn suíomh idirlín ag úsáid ardáin tríú páirtí.

### Teicneolaíochtaí Gréasáin

Scileanna praiticiúla forbartha gréasáin, ionas gur féidir leis na mic léinn leathanaigh idirlín a scríobh ón mbun aníos.

### Coincheapa Ríomhchlárúcháin

An ról atá ag teangacha ríomhchlárúcháin éagsúla – teangacha marcála, códú agus ríomhchláir iomlána san áireamh - i bhforbairt gréasáin.

## Bliain 2

### Na Meáin Dhigiteacha

Úsáidfear bogearraí sainiúla chun eagarthóireacht agus tiomsú a dhéanamh ar fhuaim, ar fhís, ar íomhá agus ar théacs.

### Bunachair Shonraí don Fhorbairt Gréasáin

An ról lárnach atá ag bunachair shonraí i suíomhanna gréasáin comhaimseartha.

### Tionscadal Idirlín

Úsáidfidh na mic léinn gach ar fhoghlaim siad le linn an chúrsa chun suíomh idirlín a phleanáil, a dhearadh agus a fhorbairt.

## Cáilíocht

Dioplóma de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh é seo atá ag Leibhéal 7 den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí agus tá 30 ECTS luaite leis.

## Riachtanais iontrála

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge acu agus spéis agus taithí acu i réimse na teicneolaíochta agus na ríomhaireachta. De bharr go mbeidh cuid mhór den chúrsa á cur ar fáil tríd an gcianfhoghlaim ar an Idirlíon, ní mór go mbeadh ríomhaire agus ceangal leathanbhanda ag rannpháirtithe.

## Táille agus iarratais

Tá gach eolas faoi tháille an chúrsa le fáil ach teagmháil a dhéanamh linn. Is féidir iarratas a dhéanamh ar áit ar an gcúrsa trí chliceáil ar an nasc atá ag bun an leathanaigh seo. Is é an spriocdháta d'iarratais Dé Céadaoin, an 15 Lúnasa 2018.

## Tuilleadh eolais:

Seathrún Ó Tuairisg
Ionad an Acadaimh, Carna
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
seathrun.otuairisg@oegaillimh.ie
nó féach www.acadamh.ie/cursai